AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

*ARDTEISTIMÉIREACHT FHEIDHMEACH 2001*

# An Ghaeilge agus An Chumarsáid

(160 marc)

***Dé hAoine, 8 Meitheamh, 9.30a.m. – 11.30a.m.***
Dhá uair an chloig.

**Scéim Mharcála**

**Treoir Ghinearálta**

1. *Scríobh d'uimhir scrúdaithe sa bhosca seo.*

2. *Scríobh do chuid freagraí uilig san fhreagarleabhar seo.*

*TÁ DHÁ CHUID SA PHÁIPÉAR SEO.*

*Cuid a hAon:* *Scrúdú Closamhairc*
*Gach ceist le freagairt.*

*Cuid a Dó:* *Scrúdú Scríofa*
4 cheist le freagairt as Cuid a Dó,
ceann amháin as gach páirt.

*Tá gach ceist le freagairt i gCuid a hAon.*

## *Cuid a hAON* – Scrúdú Closamhairc – *Modúl Gaeltachta*

***(30 nóiméad – 40 marc)***

- Beidh dhá nóiméad agat leis an deich gceist a léamh.
- Feicfidh tú mír físe ón gclár faisnéise, **MUINTIR na gCURACH.**
- Feicfidh tú an mhír trí huaire.
- An chéad uair, taispeánfar an mhír as a chéile.
- Ansin, feicfidh tú an mhír ina dhá pháirt. Tar éis gach páirte, beidh am agat na freagraí a scríobh isteach san fhreagarleabhar.
- Taispeánfar an mhír ar fad as a chéile ansin den uair dheireanach.

***Féadfaidh tú nótaí a scríobh ar an leathanach seo***

*FREAGAIR GACH CEIST*

***Nuair a bheas an chéad phíosa feicthe agat, beidh am agat ceisteanna 1 – 5 a fhreagairt.***

1. Cén t-ainm atá ar bhaile dúchais Mhíchíl Uí Loideáin? (2 mharc)

   **An Droim / Leitir Móir = 2 mharc**

2. Cén uair ar shocraigh sé síos ar an gCeathrú Rua? (2 mharc)

   **sna hochtóidoí / tar éis dó pósadh = 2 mharc**

3. Cén fáth nach ndeachaigh sé chuig an meánscoil? (3 mharc)

   **Bhí sé ag teastáil sa bhaile /**

   **Ní raibh an tsláinte go maith ag a mhuintir = 3 mharc**

4. Deir sé go mbíonn aiféala air faoi sin uaireanta. Cén fáth sin? (3 mharc)

   **Tá sé deacair post seasmhach a fháil gan cáilíochtaí oideachais = 3 mharc**

5. Scríobh síos trí chineál oibre a dhéanann sé: (6 mharc)

   **3 phointe x 2 mharc**

   - **ag baint corrbhéile faochan sa gcladach**
   - **ag iascaireacht**
   - **ag gliomadóireacht**
   - **ag baint mhóna, carrlá ar an bportach.**

*Nuair a bheas an dara píosa feicthe agat, beidh am agat ceisteanna 6 – 9 a fhreagairt.*

6. (i) Cén caitheamh aimsire atá ag Mícheál? (2 mharc)

**Iomramh = 2 mharc**

(ii) Scríobh síos dhá rud a deir sé faoi. (4 mharc)

**2 phointe x 2 mharc**

**suim aige san iomramh ariamh / ní dhearna sé tada faoi go dtí go dtáinig sé chuig an gCeathrú Rua**

7. (i) Céard é an traidisiún láidir a labhraíonn sé faoi? (3 mharc)

**Traidisiúin na rásaí curachaí = 3 mharc**

(ii) Cé mhéad criú / foirne a bhí ar an gCeathrú Rua i lár na n-ochtóidí? (2 mharc)

**deichniúr = 2 mharc**

8. (i) Cén fostóir is mó atá sa cheantar? (3 mharc)

**Telemara = 3 mharc**

(ii) Céard a deir Mícheál faoin méid oibre atá ar an gCeathrú Rua? (3 mharc)

**Pointe amháin = 3 mharc**

9. (i) Cá bhfuil Inis Mhic Cionaith? (3 mharc)

**Aon fhreagra ciallmhar faoi shúiomh an oileáin = 3 mharc**

(ii) Cé mhéad teach atá ar Inis Mhic Cionaith? (4 mharc)

**6 theach = 4 mharc**

## *Cuid a DÓ* - Scrúdú Scríofa

*(90 nóiméad, 120 marc)*

Ceithre cheist le freagairt, **ceann amháin** as gach páirt.

*TÁ 30 MARC AN CEANN AR GACH CEIST I ROINN A DÓ*

### *Páirt 1* FREAGAIR CEIST A hAON NÓ CEIST A DÓ

CEIST A hAON

Scríobh tuarascáil chruinn ar chleachtadh oibre amháin a rinne tú. Lean na treoracha seo:

(a) An Cleachtadh Oibre a fháil. (5 mharc)

**Cur síos ad rem = 5 mharc**

(b) Scríobh cuntas fút féin a bheadh réitithe agat le tabhairt don fhostóir sula dtosófá ar do chleachtadh oibre. (10 marc)

**5 phointe x 2 mharc**

(c) Líon isteach cuntas ar do chleachtadh oibre tar éis duit an chéad lá a bheith déanta agat. (5 mharc)

**Cuntas adrem = 5 mharc**

(d) Scríobh síos trí cinn de na scileanna a phioc tú suas/ a d'fhoghlaim tú as an gcleachtadh oibre go léir a rinne tú. (5 mharc)

**3 cinn de scileanna = (2+2+1) = 5 mharc**

(e) Scríobh síos trí rud a d'fhoghlaim tú fút féin mar oibrí agus tú amuigh ag obair ar chleachtadh oibre. (5 mharc)

**3 rud a lua = (2+2+1) = 5 mharc**

CEIST A DÓ

(a) Ainmnigh cuairteoir a fuair cuireadh teacht chuig do Rang Gaeilge agus Cumarsáide. Cén fáth ar thug sibh cuireadh dó/di? (5 mharc)

**Ainm an chuairteora = 2 mharc**

**An fáth ar tugadh cuireadh dó/dí = 3 mharc**

(b) Scríobh síos na rudaí a rinne tú féin agus do rang le go mbeadh sibh réitithe i gceart don chuairteoir seo. (5 mharc)

**3 phointe = (2+2+1) = 5 mharc**

(c) An gcabhraíonn na cuairteoirí a thagann isteach chuig rang na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF) leis an rang foghlaim? Cén fáth sin? (5 mharc)

**Freagra na ceiste = marc amháin**

**2 phointe x 2 mharc**

(d) Ghlac scoláire amháin buíochas leis an gcuairteoir. Lig ort gur tusa an scoláire sin. Glac buíochas leis/léi agus mínigh an fáth ar cheap do rang go raibh an seisiún thar cionn. Scríobh síos do phíosa cainte anseo. (15 marc)

**Buíochas a ghlacadh = 5 mharc**

**Miniú ar cén fáth ar cheap an rang go raibh an seisiúin thar cionn =**

**2 phointe x 5 mharc = 10 mharc**

## CEIST a hAON

Scrúdaigh an fógra seo thíos. Ansin freagair na ceisteanna.

# Teastaíonn tuilleadh crúb ón Tíogar Ceilteach



***Tá fir agus mná óga atá eachtrach, éirimiúil agus féintionscantach á lorg ag na Fórsaí Cosanta chun a bheith ina gcuid dá bhfórsa ardoilte a bhfuil meas idirnáisiúnta air.***

Má tá tú 17 mbliana d'aois nó os a chionn agus faoi bhun 25 bliana d'aois (27 mbliana d'aois i gcás na Seribhíse Cabhlaigh), agus má tá tú 5'5" nó os a chionn ar airde (fir) nó 5'4" nó os a chionn ar airde (mná), seol iarratas chugainn don deis seo chun do shlí bheatha a athrú agus tapaigh do sheans dul chun cinn!

Cuirfear an traenáil ar fad a bheidh ag teastáil ar fáil duit chun fónamh ar mhisin anseo in Éirinn agus thar lear. Ina theannta sin, beidh réimse deiseanna sármhaithe agat dul chun cinn a dhéanamh.

Cuirfear deiseanna agus traenáil ar fáil freisin dár bpearsanra le scileanna, ceirdeanna agus cáilíochtaí gairmiúla a fháil. Ach, thar aon ní eile, tabharfar deis duit an traenáil seo a chur i bhfeidhm... **ar an talamh, ar farraige agus san aer.**

***Chun foirm iarratais agus tuilleadh sonraí a fháil déan teagmháil le d'Oifigeach Daonchumhachta iomhchuí ag an seoladh thíos nó thabhair cuairt ar ár láthair idirlín ag:***

**www.military.ie/careers**

**CEANTAR BHRIOGÁID AN OIRTHIR**
*Oifigeach Daonchumhachta BDE*
Ceanncheathrú 2 Briogáid an Oirthir, Dún Chathal Bhrugha, Ráth Maonas, BÁC 6.
Teil: 01 8046453 nó 01 4975782 Folíne 6453

**CEANTAR BHRIOGÁID AN DEISCIRT**
*Oifigeach Daonchumhachta BDE*
Ceanncheathrú 1 Briogáid an Deiscirt, Dún Uí Choileáin, Corcaigh
Teil: 021 514108

**CEANTAR BHRIOGÁID AN IARTHAIR**
*Oifigeach Daonchumhachta BDE*
Ceanncheathrú 4 Briogáid an Iarthair, Dún Custume, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Teil: 0902 21032

**DFTC**
*Oifigeach Daonchumhachta*
Dún Cheannt, Campa an Churraigh, Co. Chill Dara
Teil: 045 445017

**AN tAER-CHÓR**
*Oifigeach Daonchumhachta*
Aeradróm Mhic Easmoinn, Baile Domhnaill, Co. Bhaile Átha Cliath.
Teil: 01 4037527

**SEIRBHÍS CHABHLAIGH**
*Oifigeach Daonchumhachta*
An Bhunáit Chabhlaigh, Inis Sionnach, An Cóbh, Co. Chorcaí.
Glao Áitiúil: 1890 262828

AN ROINN COSANTA

(a) Ainmnigh trí chineál oibre atá ar fáil sna Fórsaí Cosanta. (6 mharc)

**Trí chineál oibre x 2 mharc**

(b) Céard a bheadh riachtanach le cur isteach ar cheann de na postanna seo? (6 mharc)

**2 phointe x 3 mharc**

(c) Ainmnigh dhá bhealach dhifriúla atá luaite sa bhfógra chun tuilleadh eolais a fháil faoi na postanna seo. (4 mharc)

**2 phointe x 2 mharc**

(d) Cén cineál duine a bhfuil an fógra seo dírithe air/uirthi? (2 mharc)

**Freagra ad rem = 2 mharc**

(e) Scríobh síos do thuairim féin faoin teideal atá ar an bhfógra. (3 mharc)

**pointe = 1 mharc amháin**

**forbairt ar an bpointe = 2 mharc**

(f) Scríobh síos an pointe is fearr atá i leagan amach an fhógra seo. (4 mharc)

**pointe = 2 mharc**

**fáth = 2 mharc**

(g) Lig ort gur tusa atá ag dearadh an fhógra seo. Céard eile a dhéanfá-sa leis an bhfógra seo chun aird scoláirí na hATF a tharraingt air? (5 mharc)

**Céard eile a dhéanfá-sa = 2 mharc**

**Cén chaoi a dtarraingeodh sé seo aird na scoláirí air = 3 mharc**

## CEIST a DÓ

Léigh an cur síos seo a bhí sa nuachtán Gaeilge *Foinse* faoi leabhair nua a tháinig ar an margadh. Ansin freagair na ceisteanna.

# Nua-fhoilsithe

**Finnegan's Wind le John Wood (Wolfound Press, £4.99)**

Scéal do dhéagóirí é seo faoi theaghlach de bhunadh an lucht siúil i Sasana a bhfuil bua speisialta acu. Tá siad ábalta labhairt le hainmhithe agus baineann siad úsáid as a mbua le hairgead a dhiúl ón lucht suite - meascán mearaí de Dr Dolittle agus an tincéir Sás Ó Néill!

Cuirfidh sé iontas ar go leor b'fhéidir i ré seo na ceartasaíochta polaitiúla go bhfuil cáil na gadaíochta ar an teaghlach seo. Éiríonn laoch an scéil, Callum Smith, tinn tuirseach den síorthaisteal agus den aighneas leis na póilíní. Tugann sé na sála leis óna mhuintir ach níl a shaol nua neamhspleách chomh pléisiúrtha is a bhí sé ag dréim leis.

**Drumboe: Galinneall Dhún na nGall (maisithe ag Blanche Pay £2)**




Tá leabhrán gleoite dátheangach foilsithe ag Cumann Athchóiriú Iarnród Chontae Dhún na nGall le cuidiú lena bhfeachtas na seantraenacha a chur ar ais ar na ráillí. Déanann Drumboe: Galinneall Dhún na nGall cur síos ar scéal scaifte páistí a thagann ar shean-ghalinneall atá clúdaithe le sceacha is le duilleoga.

Tá Drumboe á coinneáil faoi láthair in Ionad Oidhreachta Iarnród Thír Chonaill áit a bhfuil baill den chumann athchóirithe i mbun oibre len í a chur ar ais ar na ráillí. £2 atá ar an leabhrán agus rachaidh airgead ar bith a dhéantar as i gciste an Chumainn Athchóirithe ag súil go dtarraingeoidh Drumboe a traein amach as stáisiún Dhún na nGall faoi chumhacht gaile lá éigin.

**Who's There? le Dominick Tobin Wolfhound Press £4.99**




Téann tuismitheoirí Eddie ar laethanta saoire go Meiriceá agus ní mó ná sásta a bhíonn an leaid bocht nuair a fhaigheann sé amach gur ag fanacht i dteach gaolta leis a bheidh sé in áit iargúlta in iarthar na hÉireann. Saoire fhada thuirsiúil roimhe... ach ní hea.

Ar a chéad oíche cuireann scréachaíl scanrúil óna chodhladh é. Ar an dara hoíche tarlaíonn an rud céanna agus gach oíche ina dhiaidh sin freisin. An rud is aistí faoi áfach ná nach gcloiseann éinne eile é seachas Ali, an cailín béal dorais. Téann an bheirt i gcomhar lena chéile in iarracht barr a bhaint den scéal, ach níl sé éasca ná fiú sábháilte...




Faigheann siad amach gurb é glór Amanda Blake atá ann. Is taibhse í a bhíodh pósta le Scott. D'imigh an bheirt acu gan tásc ná tuairisc blianta roimhe sin. Ní fhillfidh Amanda go deo, ach tá Scott fós beo. Drochfhear a bhfuil neart rún dorcha faoina hata aige. Ní fear é a mbeifeá ag iarraidh air cuairt a thabhairt ort ar oíche, dhorcha, stoirmiúil, gheimhridh agus tú leat féin sa teach...

(a) Scríobh síos dhá rud a deirtear faoin gclann áirithe seo atá ina gcónaí i Sasana. (4 mharc)

**2 rud a deirtear x 2 mharc**

(b) Céard a chuirfeas iontas ar dhaoine áirithe? (4 mharc)

**Freagra ad rem ón téacs = 4 mharc**

(c) Cé a d'fhoilsigh *Drumboe Galinneall Dhún na nGall?* (3 mharc)

**Cumann Athchóiriú Iarnród Chontae Dhún na nGall = 3 mharc**

(d) Cén fáth ar foilsíodh an leabhar? (5 mharc)

**Freagra ad rem = 5 mharc**

(e) Léigh an cur síos atá ar '*Who's There?*' Cén teideal Gaeilge a chuirfeá féin ar an leabhar? (4 mharc)

**Teideal ad rem = 4 mharc**

(f) Tá tusa chun scannán gearr a dhéanamh le cur ar chúrsa na hArdteistiméireachta Feidhmí. Cé acu ceann de na scéalta seo thuas ab fhearr leat a úsáid? (4 mharc)

**An rogha = 2 mharc**

**An fáth = 2 mharc**

(g) Scríobh 3 phointe as an scéal sin a bheadh go maith le haghaidh do scannáin. (6 mharc)

**3 phointe x 2 mharc**

*Páirt 3 FREAGAIR CEIST a hAON*

*CEIST a hAON*

(a) Déan cur síos ar an gcomhairle a fuair sibh agus ar an réiteach a rinne sibh nuair a bhí sibh ag tosú ar mhionchomhlacht a bhunú. (5 mharc)

**An chomhairle = 2 mharc**

**An réiteach a deineadh = 3 mharc**

(b) Inis cé mar a fuair sibh na postanna éagsúla sa mhionchomhlacht. (5 mharc)

**3 phointe = (2+2+1) = 5 mharc**

(c) Déan cur síos ar an obair go léir a rinne an Cisteoir/Bainisteoir Airgeadais. (8 marc)

**4 phointe x 2 mharc**

(d) Scríobh síos moltaí le tabhairt don Bhainisteoir Fógraíochta a bheas ar an gcéad mhionchomhlacht eile. (6 mharc)

**3 mholadh x 2 mharc**

(e) Mínigh 2 **cheann** de na téarmaí seo: (6 mharc)
Oifigeach Chaidrimh Phoiblí; taighde; cuntas reatha; scair; plean gnó.

**2 cheann mínithe x 3 mharc**

## *Páirt 4* *FREAGAIR CEIST a hAON nó CEIST a DÓ*

## *CEIST a hAON*

Seo dán a chum Áine Ní Ghlinn faoi na rudaí a rinne daoine éagsúla a bhí ar bhus i mBaile Átha Cliath nuair a tháinig paisinéir a bhí ina ghealt (i.e. as a mheabhair) isteach ar an mbus.

### *GEALT?*

*Áine Ní Ghlinn*

Léim gealt in airde ar bhus a sé déag inné
agus pitseámaí air – stríocaí liath is dearg orthu!
Shuigh sé síos in aice le fear a raibh babhlaer agus *briefcase* air!
Rug an créatúr greim an duine bháite ar a *bhriefcase!*
Trí shuíochán síos uaidh chrosáil bean a cosa!
Rug máthair greim an duine bháite ar a páiste!
D'fhéach an páiste ar an ngealt!
Rinne an ghealt meangadh mór mantach gáire!

Labhair an tiománaí le fear an *depot!*
Labhair fear an *depot* le lucht 999!
Fuair sé lucht dóiteáin ar dtús is d'fhiafraigh siadsan de
an raibh an ghealt i mbaol nó tré thine nó in airde ar
chrann – Ní raibh!
Bhris an fear dóiteáin an líne!
Ghlan an tiománaí sruth allais dá éadan!

'A Chríost,' a scread sé – de chogar
ar eagla go gcloisfeadh gealt na bpitseámaí é, –
'Cuir fios ar na *bloody* Gardaí!!'
Tháinig na Gardaí is ghlanadar an bóthar amuigh i Ráth Fearnáin!
Tháinig an t-arm is luíodar taobh thiar dá leoraithe,
    meaisínghunnaí crochta!

Tháinig na dochtúirí lena gcuid steallairí
is le veist cheangail!
...............Tháinig an bus!

Bhí fear an *bhriefcase* báite ina chuid allais féin!
Bhí bríste an tiománaí fliuch!
Bhí bean na gcos crosáilte fós coschrosáilte!
Bhí rúnaí a bhí le bheith in oifig mhór i Sráid Chamden
leathuair a'chloig ó shin anois i Ráth Fearnáin!
Bhí an páiste ag stánadh ar an ngealt!

Bhí an ghealt ag súgradh le cnaipí a phitseámaí
- é fós ag gáire go mantach!
..........Stad an bus!
..........D'ardaigh an ghealt a cheann!
D'aithin sé dochtúir! D'aithin an veist cheangail!
Is é fós ag gáire léim sé suas is rith amach an doras
isteach i lámha an dochtúra!
Isteach sa veist a bhí gan lámha!

Istigh sa bhus phléasc osna faoisimh!
Níor labhair ach an páiste –
'A Mhamaí, cén fáth nach ligfeá domsa mo phitseámaí
a chaitheamh ar an mbus?'

(a) Dar leatsa an greann nó eagla atá le brath i véarsaí a 1 agus a 2 den dán seo? (2 mharc)

**freagra na ceiste = 2 mharc**

(b) Cén fáth a ndeir tú sin? (6 mharc)

**2 phointe x 3 mharc**

(c) Ainmnigh 4 chineál duine a luaitear i véarsa a 3. (4 mharc)

**4 chineál duine x 1 mharc amháin**

(d) Céard a rinne gach duine den cheathrar sin? (8 marc)

**4 rud a deineadh x 2 mharc**

(e) Mínigh i d'fhocail féin cén fáth a dteastódh an tArm agus na Gardaí a bheith ann.
*Nó*
Cén fáth nár theastaigh an tArm ná na Gardaí ann? (6 mharc)

**2 phointe x 3 mharc**

(f) Cé acu dráma gearr ***nó*** scannán gearr a dhéanfá as an ábhar atá sa dán seo? Cén fáth sin? (4 mharc)

**Rogha = 2 mharc**

**Fáth = 2 mharc**

**CEIST a DÓ**

(a) Scríobh síos ainm dhá phíosa oibre a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa (m.sh. scéal, dán, dráma, amhrán). (5 mharc)

(i) **Ainm = 3 mharc**

(ii) **Ainm = 2 mharc**

(b) Cé a scríobh, a chum, nó a chasann na píosaí sin? (5 mharc)

(i) **Údar = 3 mharc**

(ii) **Údar = 2 mharc**

(c) Déan cur síos iomlán ar **cheann amháin** den dá phíosa sin. (10 marc)

**Cur síos iomlán = 10 marc**

(d) Cén fáth ar thaitin ***nó*** nár thaitin an píosa sin leat. (6 mharc)

**2 phointe x 3 mharc**

(e) Ainmnigh scéal nó amhrán nó dán nó dráma a scríobh nó a chasann duine as Conamara agus ar mhaith leat é a bheith ar an gcúrsa *'An Ghaeilge agus an Chumarsáid'.* (4 mharc)

**Ainm = 2 mharc**

**Fáth = 2 mharc**